**RABHADH**

**Ní mór duit an páipéar seo a chur ar ais le do fhreagarleabhar.**

# Coimisiún na Scrúduithe Stáit

**SCRÚDÚ AN TEASTAIS SHÓISEARAIGH, 2014**

## STAIR – GNÁTHLEIBHÉAL
**(180 MARC)**

**DÉ CÉADAOIN, 11 MEITHEAMH – TRÁTHNÓNA, 2.00 – 3.30**

**STAMPA AN IONAID**

**SCRÚDUIMHIR**

**FREAGAIR GACH CEIST 1, 2, 3 AGUS 4.**

**FREAGAIR 1, 2 AGUS 3 SNA SPÁSANNA ATÁ ANN CHUIGE SIN AR AN SCRÚDPHÁIPÉAR.**

**FREAGAIR CEIST 4 I DO FHREAGARLEABHAR.**

**CUIR AN PÁIPÉAR SEO ISTEACH LE DO FHREAGARLEABHAR**

**1. PICTIÚIR**
(35 marc)

Déan staidéar ar na pictiúir - **A1, A2, B1, B2 agus C** - a ghabhann leis an bpáipéar seo agus ansin freagair na ceisteanna seo a leanas:

*(a)* **PICTIÚIR A1 agus A2**

*Taispeánann pictiúir **A1** agus **A2** mainistreacha Éireannacha.*

(i) Ainmnigh an cineál foirgnimh a thaispeántar i bpictiúr A1.

………………………………………………………………………………………...... (2)

(ii) Cad iad na cineálacha radharc a bhí snoite ar an gcros ard i bpictiúr A2?

…………………………………………………………………………………………

……………………………………………………………………………………….. (4)

(iii) Cuir tic le ceann **amháin** de na téarmaí seo a leanas a bhaineann le tús Ré na Críostaíochta in Éirinn agus mínigh an téarma a roghnaíonn tú:

*Teach screaptra* ☐ *Lámhscríbhinn* ☐ *Cumhdach* ☐

…………………………………………………………………………………………

…………………………………………………………………………………………

……………………………………………………………………………………….. (4)

*(b)* **PICTIÚIR B1 agus B2**

*Taispeánann pictiúir **B1** agus **B2** radhairc ó éirí amach 1798 in Éirinn.*

(i) Cad a bhí an duine a tharraing pictiúr B1 ag iarraidh a chur in iúl faoi shaighdiúirí Briotanacha (marcáilte le X)?

………………………………………………………………………………………..

…………………………………………………………………………………………(4)

(ii) Cad a bhí an duine a tharraing pictiúr B2 ag iarraidh a chur in iúl faoi na reibiliúnaigh (marcáilte le Y)?

.............……………………………………………………………………………..

……………………………………………………………………………………….. (4)

(iii) Ainmnigh ceannaire **amháin** ó Thréimhse na Réabhlóidí (1770-1815) **agus** an tír lena raibh baint aige/aici?

Ceannaire: ..................................................................................................................

Tír: ………..……………………………………………….......................................... (4)

*(c)* **PICTIÚR C**

*Taispeánann pictiúr* ***C*** *grúpa fear ón IRA ar Shráid Grafton, Baile Átha Cliath, thart ar an am a raibh an cogadh cathartha ar siúl i 1922.*

(i) Conas atá a fhios againn nach gnáthshaighdiúirí a bhí sna fir armáilte?

………………………………………………………………………………………………

……………………………………………………………………………………………… (2)

(ii) Tabhair fáth **amháin** nach raibh fir an IRA ag siúl gar dá chéile.

………………………………………………………………………………………………

………………………………………………………………………………………………

……………………………………………………………………………………………… (3)

(iii) Tabhair píosa **amháin** fianaise ón bpictiúr a léiríonn go mb'fhéidir go raibh faitíos ar na daoine eile ar an tsráid roimh na fir armáilte.

………………………………………………………………………………………………

………………………………………………………………………………………………

……………………………………………………………………………………………… (4)

(iv) Is foinse phríomha atá san fhótagraf seo. Tabhair **dhá** shampla eile d'fhoinsí príomha.

………………………………………………………………………………………………

………………………………………………………………………………………………

……………………………………………………………………………………………… (4)

**2. DOICIMÉID**
(35 marc)

Déan staidéar ar na doiciméid - **1, 2a agus 2b -** a ghabhann leis an bpáipéar seo agus ansin freagair na ceisteanna seo a leanas:

*(a)* **Doiciméad 1**

*Agallamh in 1849 le bean a d'oibrigh i monarcha cadáis agus í ina páiste.*

(i) Cén fáth ar stop Sarah Golding a meaisín?

……………………………………………………………………………………………… (2)

(ii) Cad a rinne James Birch nuair a stop sí?

……………………………………………………………………………………………… (2)

(iii) Cén fáth ar ciceáladh Mary?

..........……………………………………………………………………………………... (2)

(iv) Cén t-ainm a bhí ar an máistir?

……………………………………………………………………………………………... (2)

(v) Cén pionós a gearradh ar chailíní ar rugadh orthu ag caint le buachaillí?

……………………………………………………………………………………………... (2)

(vi) Seachas an drochbhail a tugadh ar oibrithe, tabhair **dhá** shampla a léiríonn cé chomh deacair agus a bhí an saol ag daoine bochta i gcathracha Shasana thart ar 1850.

………………………………………………………………………………………….

…………………………………………………………………………………….........

……………………………………………………………………………………... (4)

(vii) Mínigh an fáth a bhfaigheann staraithe eolas ó fhoinsí éagsúla nuair a bhíonn stair á scríobh acu.

..........................................................................................................................................

..........................................................................................................................................

...................................................................................................................................... (4)

*(b)* **Doiciméid 2a agus 2b**

*Tá an t-eolas seo bunaithe ar thuairisceán dhaonáireamh 1901 agus ar thuairisceán dhaonáireamh 1911 do theaghlach Fennelly i gCill Chainnigh.*

(i) Cá mhéad páiste a bhí ina gcónaí sa bhaile i 1901?

........................................................................................................................................ (2)

(ii) Cérbh é an páiste ba shine i 1901?

........................................................................................................................................ (2)

(iii) Cérbh é an buachaill ab óige i 1901?

........................................................................................................................................ (2)

(iv) Cén aois a bhí an cailín ab óige i 1901?

........................................................................................................................................ (2)

(v) Tabhair fáth **amháin** a gceapann tú go mb'fhéidir go dtabharfaí le fios go raibh Bean Fennelly 36 bliain d'aois i 1901 agus 49 bliain d'aois deich mbliana níos déanaí.

........................................................................................................................................

........................................................................................................................................ (2)

(vi) Cén fáth a gceapann tú go raibh Gaeilge ag James agus Bridget i 1911, ach nach raibh Gaeilge ag an gcuid eile den teaghlach?

........................................................................................................................................

........................................................................................................................................ (3)

(vii) Luaigh **dhá** athrú mhóra a tharla sa teaghlach idir 1901 agus 1911.

........................................................................................................................................

........................................................................................................................................

........................................................................................................................................ (4)

**3. CEISTEANNA GEARRFHREAGRA**
(60 marc)

Freagair **DEICH** gcinn de na ceisteanna seo a leanas. Is fiú 6 mharc an ceann iad.

(i) Cé acu dáta is luaithe, 86 R.Ch nó 60 AD?

.................................................................................................................................................... (6)

(ii) Ainmnigh bealach **amháin** a bhféadfadh seandálaí cinneadh cá háit le tochailt a dhéanamh.

.................................................................................................................................................... (6)

(iii) Ainmnigh bealach **amháin** ina gcuireann seandálaí dáta le rudaí a fuarthas ar thochailt.

.................................................................................................................................................... (6)

(iv) Luaigh deacracht **amháin** a bhféadfadh seandálaí teacht uirthi agus é nó í ag obair ar thochailt.

.................................................................................................................................................... (6)

(v) Cén fáth ar tugadh an *Chlochaois* ar an tréimhse is luaithe i stair na hÉireann?

....................................................................................................................................................(6)

(vi) Tugadh *fiagaithe-bailitheoirí* ar na chéad daoine a chónaigh in Éirinn. Mínigh an fáth a bhí leis sin.

....................................................................................................................................................

....................................................................................................................................................(6)

(vii) Cén **dá** mhiotal a mheasc daoine in Éirinn anallód chun cré-umha a chruthú?

....................................................................................................................................................(6)

(viii) Le linn na Meánaoiseanna cad ba chiall leis an *bPlá Mhór*?

....................................................................................................................................................

....................................................................................................................................................(6)

(ix) Le linn na Meánaoiseanna cad ba *chuirfiú* ann?

....................................................................................................................................................

....................................................................................................................................................(6)

(x) Le linn na Meánaoiseanna cad ba *ghild* ann?

....................................................................................................................................................

.................................................................................................................................................... (6)

(xi) Cuir tic i gceann de na boscaí chun duine **amháin** de na healaíontóirí seo a leanas a roghnú agus scríobh fíric thábhachtach **amháin** faoina shaol:

*Leonardo da Vinci* ☐ *Michelangelo* ☐ *William Shakespeare* ☐

....................................................................................................................................................

....................................................................................................................................................(6)

(xii) Tabhair cúis **amháin** a raibh taisteal farraige níos éasca i 1550 ná mar a bhí sé i 1300.

.............................................................................................................................................

............................................................................................................................................. (6)

(xiii) Tabhair cúis **amháin** a raibh réabhlóid i Meiriceá **nó** sa Fhrainc **nó** in Éirinn le linn na tréimhse 1770- 1815.

Tír:.............................................................................................................................................

Cúis: .............................................................................................................................................(6)

(xiv) Tabhair cúis **amháin** ar éirigh nó nár éirigh leis an réabhlóid i Meiriceá **nó** sa Fhrainc **nó** in Éirinn le linn na tréimhse 1770-1815.

Tír: ........................................................... Ar éirigh leis an réabhlóid?...................................................

Cúis: .............................................................................................................................................(6)

(xv) Luaigh forbairt thábhachtach **amháin** a tharla sa Réabhlóid Talmhaíochta agus ainmnigh an duine a bhí freagrach as:

Forbairt: .............................................................................................................................................

Duine: .............................................................................................................................................(6)

(xvi) Luaigh forbairt thábhachtach **amháin** a tharla sa Réabhlóid Thionsclaíoch agus ainmnigh an duine a bhí freagrach as:

Forbairt: .............................................................................................................................................

Duine: .............................................................................................................................................(6)

(xvii) Seachas na daoine a bhí ag fáil bháis den ocras, luaigh tionchar mór **amháin** a bhí ag an nGorta Mór (1845-1851) ar Éirinn.

.............................................................................................................................................

............................................................................................................................................. (6)

(xviii) Ainmnigh bean **amháin** a bhí ina polaiteoir tábhachtach Éireannach san fhichiú haois.

**NÓ**

Tabhair athrú mór **amháin** i saol na mban in Éirinn san fhichiú haois.

.............................................................................................................................................

............................................................................................................................................. (6)

(xix) Ainmnigh ceannaire polaitiúil tábhachtach **amháin**, lasmuigh d'Éirinn, ón tréimhse 1922-1989 **agus** an tír a raibh sé/sí i gceannas uirthi.

Ceannaire: ............................................................................................ Tír: ..............................................(6)

(xx) Cuir tic le téarma staire **amháin** díobh seo a leanas agus mínigh an téarma a roghnaíonn tú:

*Bolscaireacht* ☐ *Cearta Sibhialta* ☐ *Cinsireacht* ☐

.............................................................................................................................................

.............................................................................................................................................(6)

FREAGAIR AN CHEIST SEO A LEANAS i bhFREAGARLEABHAR AR LEITH

**4. PEARSANA SA STAIR**
(50 marc)

**Freagair A agus B**

**A.** Roghnaigh duine **amháin** de na daoine a ndéantar cur síos orthu thíos. Scríobh mar gheall ar an duine sin. Más mian leat, is féidir leat na leideanna a úsáid chun cabhrú leat i do fhreagra. Scríobh an teideal a roghnaíonn tú ag barr do chuntais.

(i) **Duine a chónaigh i sibhialtacht ársa a ainmníonn tú taobh amuigh d'Éirinn.**

LEIDEANNA:
* Tithíocht
* Caitheamh aimsire
* Creideamh
* Nósanna adhlactha

(25)

(ii) **Ridire sna Meánaoiseanna.**

LEIDEANNA:
* Traenáil
* Siamsaíocht
* Conas a bheith i do ridire
* Airm

(25)

(iii) **Duine a chaill talamh in Éirinn le linn na bPlandálacha.**

LEIDEANNA:
* Na cúiseanna a bhí leis na plandálacha
* An rialtóir a rinne an phlandáil
* Tuairimí an duine faoi phlandóirí
* Athruithe i saol na hÉireann mar gheall ar phlandáil

(25)

**AGUS**

**B.** Roghnaigh duine **amháin** de na daoine a ndéantar cur síos orthu thíos. Scríobh mar gheall ar an duine sin. Más mian leat, is féidir leat na leideanna a úsáid chun cabhrú leat i do fhreagra. Scríobh an teideal a roghnaíonn tú ag barr do chuntais.

(i) **Taiscéalaí a ainmníonn tú a bhí i gceannas ar thuras fionnachtana.**

LEIDEANNA:
* Luathshaol
* An turas
* An limistéar a taiscéaladh
* Torthaí an turais

(25)

(ii) **Leasaitheoir creidimh a ainmníonn tú le linn an Reifirméisin.**

LEIDEANNA:
* Luathshaol
* Pointí creidimh
* Cathair/Tír lena mbaineann sé
* Scríbhinní

(25)

(iii) **Duine ina c(h)ónaí in Éirinn le linn an Dara Cogadh Domhanda.**

LEIDEANNA:
* Polasaí an rialtais
* Tionchar an chogaidh ar an saol laethúil
* An chaoi ar mhothaigh an duine faoin gcogadh
* Deireadh an chogaidh

**NÓ**

**Seanduine ag caint faoi athruithe atá tarluithe in Éirinn ó thart ar 1950.**

LEIDEANNA:
* Athruithe ar shiamsaíocht
* Athruithe ar thithíocht
* Athruithe ar oideachas agus ar obair
* Athruithe ar chumarsáid

(25)

# Coimisiún na Scrúduithe Stáit

## SCRÚDÚ AN TEASTAIS SHÓISEARAIGH, 2014

## STAIR - GNÁTHLEIBHÉAL
(**Ná** cuir na leathanaigh seo isteach le do fhreagarleabhar.)

## FOINSÍ

**1. PICTIÚIR**

**PICTIÚR A1**



http://en.wikipedia.org/

**PICTIÚR A2**



http://en.wikipedia.org/

**PICTIÚR B1**



X

http://upload.wikimedia.org/wikipedia/commons/c/c9/Hanging.gif

**PICTIÚR B2**




http://www.indymedia.ie

**PICTIÚR C**



http://irishvolunteers.org

## 2. DOICIMÉID

### DOICIMÉAD 1

Ní raibh Sarah Golding ag mothú go maith agus mar sin stop sí a meaisín. Leag James Birch, an maor, chun na talún í. D'éirigh sí chomh maith agus a d'fhéad sí. Leag sé arís í. Ansin iompraíodh chuig a teach í áit a fuarthas marbh ina leaba í níos déanaí.

Bhí bean eile ann darbh ainm Máire a leag a canna bia ar an urlár. Chiceáil an Máistir, an tUasal Newton, í agus mar thoradh air sin bhí sí ag imeacht as go dtí go bhfuair sí bás. Bhí duine eile, Caroline Thompson, a buaileadh nó gur imigh sí as a meabhair.

Bhearradh na maoir an ghruaig d'aon chailín a mbéarfaí uirthi ag caint le buachaill. B'uafásach an pionós an bearradh cloiginn seo. Bhí níos mó faitís againn roimhe ná roimh aon phionós eile mar go bhfuil cailíní bródúil as a gcuid gruaige.

http://www.historylearningsite.co.uk

**DOICIMÉAD 2a agus 2b**

**1901**

| Ainm | Aois | Gaol | Gairm | Gaeilge | Stádas Pósta |
|---|---|---|---|---|---|
| John Fennelly | 50 | Ceann an Teaghlaigh | Feirmeoir | Níl | Pósta |
| Mary Fennelly | 36 | Bean chéile | - | Níl | Pósta |
| Alice Fennelly | 14 | Iníon | Scoláire | Níl | Singil |
| Eliza Fennelly | 13 | Iníon | Scoláire | Níl | Singil |
| Mary Fennelly | 12 | Iníon | Scoláire | Níl | Singil |
| Timothy Fennelly | 9 | Mac | Scoláire | Níl | Singil |
| James Fennelly | 3 | Mac | - | Níl | Singil |
| Bridget Fennelly | 1 | Iníon | - | Níl | Singil |

**1911**

| Ainm | Aois | Gaol | Gairm | Gaeilge | Stádas Pósta |
|---|---|---|---|---|---|
| Mary Fennelly | 49 | Ceann an Teaghlaigh | Feirmeoir | Níl | Baintreach |
| Eliza Fennelly | 23 | Iníon | - | Níl | Singil |
| Timothy Fennelly | 19 | Mac | - | Níl | Singil |
| James Fennelly | 15 | Mac | Scoláire | Gaeilge agus Béarla | Singil |
| Bridget Fennelly | 11 | Iníon | Scoláire | Gaeilge agus Béarla | Singil |

http://www.census.nationalarchives.ie/